Dhá scéal nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar dhá thuairisc faoi leith. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí plé ar an méid atá ar eolas agaibh faoi na scéalta seo:

Togra dáileacháin il-ardáin fógartha ag an Aire Rabbitte do TG4

Cuimhne mhaith ar Peter O'Toole ar an gClochán

Tugaigí buille faoi thuairim mura bhfuil sibh cinnte.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den chéad uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin, cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. distribution proposal _____
2. multiple platforms _____
3. Department of Communications, Energy and Natural Resources _____
4. capital investment _____
5. headquarters _____
6. transmit material _____
7. broadcasting technology _____
8. uncertainty _____
9. and his family / people _____
10. many nights _____
11. a good night's entertainment _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís (nó faoi dhó más gá) agus scríobh amach cúpla líne faoi ábhar gach scéil.

Ceist 4 '…infheistíocht chaipitil...' ach '…an t-aisteoir cáiliúil…'

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht tar éis 'infheistíocht', agus nach bhfuil séimhiú ar an aidiacht tar éis an ainmfhocail 'aisteoir'?

2. Cad faoi na cinn thíos?

   - garáiste (salach): _____
   - teach (bán): _____
   - cistin (mór): _____
   - fuinneog (beag): _____
   - solas (geal): _____
   - bróg (dubh): _____
   - cúis (maith): _____
   - cóta (dearg): _____
   - bileog (tábhachtach): _____
   - sráid (cáiliúil): _____

Ceist 5 '…Ba mhinic…'

A. Is í an chopail san aimsir chaite atá i gceist sa sampla thuas. An féidir leat an sampla sin a chur san aimsir láithreach?

B. Féach ar na leideanna seo chun an chopail a úsáid san aimsir chaite:

- ✓ Athraíonn **Is** go dtí **Ba**: *is minic a bhím ann* ***ach*** *ba mhinic a bhínn ann.*
- ✓ Séimhítear an consan a leanann **ba***: is minic a bhím ann* ***ach*** *ba mhinic a bhínn ann.*
- ✓ Athraíonn **ba** go dtí **b'** roimh ghuta nó f + guta: *B'iontach an lá a bhí againn.*
- ✓ Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm nuair a leanann forainm (é, í, iad) **ba**: *Ba í Máire an múinteoir. / Ba iad na mic léinn a rinne é.*
- ✓ Athraíonn **nach** go dtí **nár** agus séimhítear an consan a leanann **nár**: *Nach deas an lá é?* **Ach** *Nár dheas an lá é?*
- ✓ Athraíonn **nach** go dtí **nárbh** roimh ghuta agus f + guta: *Nach iontach an scéal é sin?* **Ach** *Nárbh iontach an scéal é sin?*
- ✓ Athraíonn **an** go dtí **ar** agus séimhítear an consan a leanann **ar**: *An duine deas í?* **Ach** *Ar dhuine deas í?*
- ✓ Athraíonn **an** go dtí **arbh** roimh ghuta agus f + guta: *An é d'athair é?* **Ach** *Arbh é d'athair é?*

C. Athscríobh na habairtí seo thíos san aimsir chaite:

1. Is duine an-chairdiúil é.
2. Is é Pól an seoltóir.
3. Is aisteach an scéal é sin.
4. An bean dhathúil í Síle?
5. Nach ait an duine é.
6. An amhránaí maith í?

Ceist 6 Féach ar na focail thíos. Bhí focail eile, a raibh an mhalairt chéille acu le cloisteáil sa mhír. Cad iad? Tá ceann amháin déanta duit.

1	níos déanaí	a	níos túisce
2	níos deacra	b	
3	míchumas	c	
4	anocht	d	
5	cinnteacht	e	
6	Deisceart	f	
7	is beag	g	

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

1. distribution proposal	a. togra dáileacháin
2. multiple platforms	b. il-ardáin
3. Department of Communications, Energy and Natural Resources	c. An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
4. capital investment	d. infheistíocht chaipitil
5. headquarters	e. ceannáras
6. transmit material	f. ábhar a sheachadadh
7. broadcasting technology	g. teicneolaíocht an chraolacháin
8. uncertainty	h. éiginnteacht
9. and his family / people	i. agus a mhuintir
10. many nights	j. is iomaí oíche
11. a good night's entertainment	k. oíche bhreá siamsaíochta

Ceist 3

Tabhair deis don rang cur síos a dhéanamh ar an dá scéal.

Ceist 4

1. Cuirtear séimhiú ar an aidiacht tar éis ainmfhocal baininscneach. Ní chuirtear séimhiú ar an aidiacht tar éis ainmfhocal firinscneach.
2.
   - garáiste (salach): *garáiste salach*
   - teach (bán): *teach bán*
   - cistin (mór): *cistin mhór*
   - fuinneog (beag): *fuinneog bheag*
   - solas (geal): *solas geal*
   - bróg (dubh): *bróg dhubh*
   - cúis (maith): *cúis mhaith*
   - cóta (dearg): *cóta dearg*
   - bileog (tábhachtach): *bileog thábhachtach*
   - sráid (cáiliúil): *sráid cháiliúil*

Ceist 5

A. Is minic.

C.

1. Ba dhuine an-chairdiúil é.
2. Ba é Pól an seoltóir.
3. B'aisteach an scéal é sin.
4. Ar bhean dhathúil í Síle?
5. Nárbh ait an duine é.
6. Arbh amhránaí maith í?

Ceist 6

1	níos déanaí	a	níos túisce
2	níos deacra	b	níos éasca
3	míchumas	c	cumas
4	anocht	d	aréir
5	cinnteacht	e	éiginnteacht
6	Deisceart	f	Tuaisceart
7	is beag	g	is iomaí

Togra dáileacháin il-ardáin fógartha ag an Aire Rabbitte do TG4

Eimear Ní Chonghaile
Tá an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le suas le seacht gcéad míle euro d'infheistíocht chaipitil a chur ar fáil do TG4. Is é an tAire Pat Rabbitte a d'fhógair an togra le linn cuairte ar an gceannáras níos túisce inniu. Leis an infheistíocht beidh TG4 in ann ábhar a sheachadadh chuig ardáin éagsúla agus beidh sé níos éasca ag lucht féachana ar fud na cruinne teacht ar chláracha[1] TG4. Chas an tAire le cathaoirleach agus le bord TG4. Léiríonn an togra nua go bhfuil ar chumas TG4 coinneáil le forbairtí i dteicneolaíocht an chraolacháin, a deir an tAire Pat Rabbitte.

Cuimhne mhaith ar Peter O' Toole ar an gClochán

Eimear Ní Chonghaile
Ó bhásaigh an t-aisteoir cáiliúil Peter O'Toole i Londain aréir, tá an éiginnteacht maidir leis an áit go díreach ar rugadh é, i Sasana nó i gConamara, tarraingthe anuas arís. Ach ní raibh aon éiginnteacht inniu ar an gClochán i dTuaisceart Chonamara faoin gcuimhne atá ag daoine ar an mbaile sin ar an aisteoir agus ar a mhuintir. Ba mhinic Peter O'Toole ag seó capaillíní bliantúil agus is iomaí oíche bhreá siamsaíochta a chaith sé féin agus a chairde ar an gClochán.

[1] Is é '*cláir*' an t-iolra atá sa chaighdeán oifigiúil agus tá '*cláracha*' an-choitianta sa chaint.